**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 2 Meitheamh 2022 – Joëlle Mélin v Parlaimint na hEorpa**

**(Cás C-541/21 P)** ([1])

***(Achomharc – Airteagal 181 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Dlí Institiúideach – Bearta cur chun feidhme don Reacht do Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa – Airteagal 33(1) agus (2) – Liúntas cúnaimh pharlaimintigh – Íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil – Pléadáil neamhdhleathachta – Prionsabal na deimhneachta dlíthiúla – Prionsabal na cosanta ionchais dlisteanacha – Measúnú ar an bhfianaise – Achomharc atá neamh-inghlactha go follasach ar thaobh amháin agus gan bhunús ar an taobh eile)***

(2022/C 368/11)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir*: Joëlle Mélin (ionadaí: F. Wagner, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: M. Ecker agus T. Lazian, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don achomharc as a bheith neamh-inghlactha go follasach ar thaobh amháin agus gan bhunús ar an taobh eile.

2. Ordaítear do Joëlle Mélin na costais a íoc.

([1]) IO C 24 an 17.01.2022.

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 2 Meitheamh 2022 – Marie-Christine Arnautu v Parlaimint na hEorpa**

**(Cás C-573/21 P)** ([1])

***(Achomharc – Airteagal 181 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Dlí Institiúideach – Bearta cur chun feidhme don Reacht do Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa – Airteagal 33(1) agus (2) – Liúntas cúnaimh pharlaimintigh – Íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil – Pléadáil neamhdhleathachta – Prionsabal na deimhneachta dlíthiúla – Prionsabal na cosanta ionchais dlisteanacha – Measúnú ar an bhfianaise – Achomharc atá neamh-inghlactha go follasach ar thaobh amháin agus gan bhunús ar an taobh eile)***

(2022/C 368/12)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Marie-Christine Arnautu (ionadaí: F. Wagner, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: M. Ecker agus T. Lazian, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don achomharc as a bheith neamh-inghlactha go follasach ar thaobh amháin agus gan bhunús ar an taobh eile.

2. Ordaítear do Marie-Christine Arnautu na costais a íoc.

([1]) IO C 24 an 17.01.2022.